Bileog 1

# Gairm sna Meáin Ghaeilge

Tá an iliomad deiseanna san earnáil seo; teilifís (m.sh. RTÉ, TG4, Cúla 4, BBC Thuaisceart Éireann a Dó), raidió (m.sh. RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió Rí-Rá, Raidió na Life, Raidió Fáilte), na meáin chlóite (m.sh. Tuairisc.ie, nós.ie, Comhar, Feasta, Seachtain, Tuarascáil), agus na meáin shóisialta san áireamh. Tá comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha faoi bhláth ar fud na tíre. Tá deiseanna ann i dTionscal na Scannán Gaeilge chomh maith, earnáil atá go mór i mbéal an phobail le déanaí.

**Samplaí de chúrsaí sa réimse seo:**

| Cód | Cúrsa | Cáilíocht | Institiúid/Ollscoil | Cód QR |
|---|---|---|---|---|
| | Léiriú Teilifíse agus na Meán | Ard-Dioplóma | SETU Campas Phort Láirge | |
| | Gaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán | Ard-Dioplóma | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Europus, An Cheathrú Rua) | |
| TR001 | Scannánaíocht/Gaeilge | BA | Coláiste na Tríonóide | |
| MH101 | Staidéar ar na Meáin agus Staidéar Cultúrtha/Nua-Ghaeilge | BA | Ollscoil Mhá Nuad | |
| MH109 | Staidéar ar na Meáin/ Nua-Ghaeilge | BA | Ollscoil Mhá Nuad | |
| GY101 | Léann an Taibhléirithe agus an Scáileáin/Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| GY101 | Meáin Dhomhanda/Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| GY101 | Léann na Cumarsáide/ Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| GY122 | Cumarsáid & Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Scríobh & Cumarsáid na Gaeilge | MA/Dioplóma Iarchéime | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) | |
| | Cleachtas Gairmiúil sna Meáin | MA/Dioplóma Iarchéime | Ollscoil na Gaillimhe | |

**Taithí Oibre le TG4:** Deiseanna iontacha do chéimithe chun bliain a chaitheamh ag obair le TG4 - fostaítear ochtar gach bliain!

Ar mhaith leat cláir nó scannáin bheochana a chruthú? Féach Animation Academy: Tionscnamh de chuid Fís Éireann:

Eolas tábhachtach faoi chúrsaí eile agus oiliúint sna Meáin Ghaeilge:

**Clár Intéirneachta RTÉ:** Cuir tús le do ghairm sna meáin Ghaeilge leis an deis iontach seo!

Bileog 1

# Gairm sna Meáin Ghaeilge

Tuairisc.ie · NÓS · ANIAR · MOLSCÉAL · NEMETON TV · Fíbín Media · SPIN Southwest · Macalla










Ard-Dioplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meáin

TG4

Niamh Ní Chróinín, Cúla4

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Raidió na Gaeltachta

**Pointe spéisiúil:** Tá 20% d'fhógraíocht phoiblí le bheith trí Ghaeilge faoin mbliain 2030. Beidh gá le scríbhneoirí scripte, le haisteoirí agus le haistritheoirí a bhfuil Gaeilge acu chun an sprioc seo a bhaint amach!



## MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin)

"Thugas faoin MA Cleachtas Gairmiúil sna Meáin in 2018 agus táim ag obair i réimse na meán Gaeilge ó shin. Fuaireas taithí den scoth sa chraoltóireacht agus san iriseoireacht agus mé i mbun an MA. Bhí deis agam tabhairt faoi thaithí oibre i TG4 (ag obair ar an gclár cúrsaí reatha, 7Lá), RTÉ Raidió na Gaeltachta i gCasla (ag obair ar an gclár cúrsaí reatha agus nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, Adhmhaidin) agus i gceanncheathrú RTÉ i nDomhnach Broc ag obair i réimse na hiriseoireachta. Mholfainn an MA go hard, bhí léachtóirí den scoth agam agus thugadar tacaíocht agus cúnamh dom pé uair a bhí sé ag teastáil.

Faoi láthair, táim ag obair mar Fheidhmeannach Margaíochta Digití le Gaelchultúr agus ag teagasc modúil sna Meáin Chumarsáide agus an Ghaeilge in Ollscoil na Gaillimhe chomh maith."

***– Zara Ní Chionnaith***

## Gairm sna Meáin Ghaeilge



"Gan an Ghaolainn, bheadh saol an-leadránach agam. Gan í, ní bheadh aon phost agam, ná teacht isteach. A bhuí leis an nGaolainn, bhí deis agam oibriú mar láithreoir Aimsire agus Leanúnachais le TG4, mar chraoltóir le RTÉ Raidió na Gaeltachta, mar aistritheoir, mar cholúnaí le nos.ie, ag déanamh guthú, ag múineadh amhránaíochta agus drámaíochta, agus mórán rudaí spéisiúla.

Níl aon mhíbhuntáiste ag baint le bheith dátheangach. Osclaíonn sé doirse nach eol duit arbh ann dóibh agus leanfaidh na doirse sinn ag oscailt. Tá deiseanna móra idirnáisiúnta ar fáil duit, má tá Gaolainn ar do thoil agat, agus tá pobal óg is aosta cairdiúil, éirimiúil, eisceachtúil ag plé leis an dteanga. Tapaigh do dheis, fan leis an nGaolainn agus ní bheidh aithreachas ort."

***– Sláine Ní Chathalláin***

**Físeáin faoi ghairmeacha sna meáin le fáil ag: www.tg4.ie/scil**

**Leabhrán Úrnua Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG): www.saoloibre.ie**

**Físeán faoi ghairm in earnáil na teilifíse:**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2024**